

**Cuirimid céad míle fáilte ar ais roimh ár bpáistí go léir tar éis saoire an tsamhraidh. Fáilte speisialta roimh rang na Naíonáin Bheaga atá ag tosú ar thuras an oideachais linn.**

*We are delighted to welcome back all our children after their summer break. We especially welcome our Junior Infants who are beginning their journey of education with us.*

**D'fhágamar slán le Múinteoirí Aodán, Conor, Conor Ó, Jenna, Naoise, Niamh agus Tiarnach ag deireadh na bliana. Guímid gach rath orthu.**

**Cuirimid fáilte ar ais roimh Mhúinteoir Dara atá tar éis ceithre bliana a chaitheamh thar lear. Fáiltimid freisin chuig ár bhfoireann Múinteoirí Shane, Holly, Tania, Lucy agus Mairéad agus CRS Irene agus Alex.**

*We bid farewell to Múinteoirí Aodán, Conor, Conor Ó, Jenna, Naoise, Niamh and Tiarnach at the end of the year. We wish them well.*

We welcome Múinteoir Dara back after spending four years abroad.

*We also welcome to our staff Múinteoirí Shane, Holly, Tania, Lucy and Mairéad and Irene and Alex our new SNAs*

**Buíochas mór don fhoireann iomlán as an obair ar fad a atá déanta acu chun an scoil a ullmhú ionas go mbeidh gach duine slán.**

*We would like to thank all the staff for all the hard work in preparing the school to make it a safe place of work for us all.*

**Tá Deirdre an maor tráichta taobh amuigh den scoil ar maidin agus tráthnóna. Bígí cinnte an bóthar a thrasnú léithe agus gan a bheith ag rith trasna in áiteacha eile nach bhfuil sábháilte.**

*Deirdre, our Lollipop lady, is always at the gate in the mornings and evenings. Please make sure your children cross to and from the gate with her and not to cross in other unsafe places.*

**Mar eolas ní cheadaítear aon chnónna, nó aon táirgí le cnónna iontu, a thógáil ar scoil ag am ar bith. Tá ailléirge an-dainséarach ag roinnt páistí sa scoil, clúdaíonn sé seo aon táirgí seacláide.**

*A reminder that children are not permitted at any time to bring nuts or any nut products to school as a number of children have a life-threatening allergy to these products, this includes all chocolate products.*

Beidh an [Fhoirm Iarratais um Ligean Isteach](#) go Gaelscoil Uí Earcáin don scoilbhliain 2023-2024 ar fáil ar [www.gsue.ie](http://www.gsue.ie) ó 1 Deireadh Fómhair-31 Deireadh Fómhair . Ní mór don pháiste a bheith 4 bliana d'aois roimh an 1 Bealtaine 2023.

An [Application for Admission](#) to Gaelscoil Uí Earcáin for the school year 2023-2024 will be available on our school website [www.gsue.ie](http://www.gsue.ie) from 1 October-31 October. Your child must be 4 years of age by the 1<sup>st</sup> May 2023.

**Cinntigh le bhur dtoil má bhíonn aon athrú seoladh baile / seoladh r-phost /uimhreacha teagmhála nó feighlí an t-eolas sin a chur in iúl don oifig agus múinteoir ranga láithreach.**

*Please ensure that the class teacher and the office are informed of any change of address / email / contact numbers or circumstances.*

**Má tá páistí nach bhfuil ar scoil nó má tá aon bhuairt oraibh faoi aon pháiste déan teagmháil leis an scoil mar seo:**

- Ríomhphost chuig an scoil [eolas@gsue.ie](mailto:eolas@gsue.ie)
- Glaoigh ar an oifig ag 8643544
- Tríd an App Aladdin.

**Cuimhnigh nach féidir le múinteoir glaoch ar ais oraibh go dtí tar éis am scoile.**

*If your child is not in school or if you have any worries about any child, please contact the school by:*

- *Emailing the school at [eolas@gsue.ie](mailto:eolas@gsue.ie)*
- *Calling the office at 8643544*
- *On the Aladdin App.*

*Please remember a teacher can only reply to your query after school hours.*

**Iarraimid ar gach duine an Ghaeilge atá acu a úsáid an t-am ar fad, chomh minic agus is féidir agus i gcónaí I dtimpeallacht na scoile. Tá sé fíor thábhachtach go mbíonn an Ghaeilge le cloisteáil sa scoil, sa chlós agus ag geata na scoile i gcónaí. Ba chóir gach iarracht a dhéanamh cumarsáid le múinteoirí agus foireann trí Ghaeilge**

*We ask that everybody speak whatever amount of Gaeilge you have at all times around the school. It is really important that Gaeilge be heard in the school, in the yard, and at the school gate at all times. All efforts should be made to communicate with teachers and staff as Gaeilge.*

**Tá Junior Parkrun ag leanúint ar aghaidh i bPáirc Uí Mhaoilíosa gach maidin Domhnaigh ar 9.30. Tá sé saor in aisce do gach duine. Gach eolas le fáil ag [www.parkrun.ie](http://www.parkrun.ie).**

*Just a reminder that Mellows junior parkrun is still taking place every Sunday morning at 9.30 and is completely FREE for all to attend! Information at [www.parkrun.ie](http://www.parkrun.ie)*

**Míle buíochas do gach clann a d'íoc síntiús na bliana go dáta. Is féidir na costais seo a íoc trí nasc Aladdin.**

**Clúdaíonn an íocaíocht seo árachas pearsanta an pháiste, costais fhótachóipeála, ábhar ealaíne, cóipleabhair agus cíos leabhair.**

*Many thanks to all who have paid the annual subscription to date. These costs can be paid through Aladdin.*

*They cover child's 24hour personal insurance, photocopying costs, art and craft material, copybooks and book rental.*

**Seo thíos eolas maidir le cruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí a bheidh ar siúl sa Halla.**

*Below is the timetable for parent/teacher meetings which will take place in the Halla.*

Naíonáin Bheaga	Dé hAoine/Friday	16.09.22	11.30
Naíonáin Mhóra	Déardaoin/Thursday	15.09.22	13.00
Rang 1	Dé Céadaoin/Wednesday	14.09.22	13.00
Rang 2	Dé Luain/Monday	12.09.22	14.00
Rang 3	Dé Máirt/Tuesday	13.09.22	14.00
Rang 4	Dé Céadaoin/Wednesday	14.09.22	14.00
Rang 5	Déardaoin/Thursday	15.09.22	14.00
Rang 6	Dé hAoine/Friday	16.09.22	14.00

**Tosóidh Peil do na buachaillí agus na cailíní an tseachtain seo chugainn.**

GAA will begin for the boys and girls next week.

**Beidh snámh ag Rang 5 ar an Aoine an téarma seo.**

Swimming lessons will be available for fifth class on Fridays this term.

**Beidh cruinniú eolais againn faoi Coiste na dtuistí sa halla ar an Luan 19/9/2022 @ 7.00**

**Fáilte roimh gach duine**

We will have an Information meeting for the Parents' Committee in the school hall on Monday 19 September @7pm

All are welcome

**Tá páistí go fóill gan leabhair scoile. Tá na liostaí ar fad ar shuíomh na scoile. Ní bheidh an scoil ag déanamh cóipeanna do pháistí tar éis an Luan 19/9/2022**

Gaelscoil Uí Earcáin, Fionnghlas

Múinteoir Alison

*We still have some children who have no school books. All the book lists are on the website. No more photocopying of books will be done for children without books after Monday 19/9/2022*

**Beidh tús curtha le h-obair bhaile, a bheidh ar fáil ar an Aip Aladdin, ón Luan 19/09/22**

*Homework, will be available on the Aladdin App, which will start on Monday 19/9/2022*